

RITH 2016

Gaelscoil Ultain, Cnoc an Chonnaidh, Bóthar Ard Mhaca, Muineachán,
Co.Mhuineacháin.



www.scoilultain.ie

I mbliana, thug Gaelscoil Ultain faoin bhfeachtas le haghaidh ár gcéad bhrat ghníomhach. Ó bunaíodh Gaelscoil Ultain, tá traidisiún láidir den spórt agus den aclaíochta cothaithe sna páistí trí pháirt a ghlacadh i gcomórtais agus in imeachtaí aclaíochta. Shocraigh muid ar pháirt a ghlacadh i RITH 2016 i mí Aibreáin.

RITH is a national festival and was one of the main events of Seachtain na Gaeilge this year. A 700km course was laid out nationally for a massive relay race running from morning to night and passing through various counties along the way. Gaelscoil Ultain undertook to run the 1km section in Monaghan Town on Saturday the 12th of April 2016 as part of our campaign to achieve our Brat Ghníomhach.

Sa scoil, bunaíodh Coiste Ghníomhach agus rinneamar an teachtaireacht '60 nóiméad aclaíochta' gach lá a chur chun cinn trí phóstaeir agus trí a bheith gníomhach sa rang go laethúil. Chum muid córas 'Réaltaí Ghníomhacha' inár roghnaíodh páistí go seachtainiúil a thaispeáin tréaniarracht ó thaobh na haclaíochta de. Bhí na páistí ar bís páirt a ghlacadh i RITH 2016 agus thosaigh muid ag traenáil. Chuireamar fáilte roimh tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa RITH chomh maith. Bailíodh na páistí le chéile le cleachtadh agus an mana a bhí againn agus muid ag rith ná;

'Is maith linn siúl, is maith linn suí ach is fearr le Gaelscoil Ultain RITH!

Nílimid mall ar chóir ar bith, mar is maith le Gaelscoil Ultain RITH!

Ar an oíche, tháinig múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí le chéile chun an 1km sa bhaile mór a rith. Ghlac Deirbhile Ní Chianáin as Rang 5 an bata ar son na scoile agus rinne sí an luas a shocrú don ghrúpa. Nuair a shroicheadar lár an bhaile bhí slua bailithe a chur fáilte ghlórach romhainn. Is cinnte gur bhain a bhí ansin, sult as an ghníomhaíocht fhuinniúil, aclaíochta seo.